*Uimhir* 42 *de* 2024

# An tAcht Árachais Sláinte (Leasú) agus Sláinte (Táirgí Meanapáis a Sholáthar), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 42 *de* 2024

# AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ) AGUS SLÁINTE (TÁIRGÍ MEANAPÁIS A SHOLÁTHAR), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR


CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal, comhluanna, forléiriú agus tosach feidhme

CUID 2

Táirgí Meanapáis do Mhná Áirithe a Sholáthar

2. Míniú (Cuid 2)
3. Leasú ar alt 47A d'Acht 1970
4. Táirgí meanapáis do mhná áirithe
5. Leasú ar an Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013

CUID 3

Leasú ar an Acht Árachais Sláinte, 1994 agus ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999

6. Míniú (Cuid 3)
7. Leasú ar alt 6A d'Acht 1994
8. Leasú ar alt 11C d'Acht 1994
9. Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann le hAcht 1994
10. Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999

## Na hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013 (Uimh. 14)

An tAcht Sláinte, 1970 (Uimh. 1)

Na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2022

An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Uimh. 16)

Na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2023

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)

Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)

Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)

An tAcht Cógaisíochta, 2007 (Uimh. 20)

An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)

*Uimhir* 42 *de* 2024

# AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ) AGUS SLÁINTE (TÁIRGÍ MEANAPÁIS A SHOLÁTHAR), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú maidir le táirgí áirithe a chur ar fáil lena soláthar, gan mhuirear, do mhná áirithe, is táirgí a úsáidtear chun maolú a dhéanamh ar airíonna meanapáis; agus, chun na críche sin, do leasú an Achta Sláinte, 1970 agus an Achta Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013; do leasú an Achta Árachais Sláinte, 1994 d'fhonn méid na préimhe a íocfar as an gCiste um Chothromú Fiontar i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2025 a shonrú; do leasú an mhínithe, san Acht sin, ar éileamh ardchostais; do leasú an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [11 *Samhain* 2024]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**Gearrtheideal, comhluanna, forléiriú agus tosach feidhme**

**1.** (1) Féadfar an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) agus Sláinte (Táirgí Meanapáis a Sholáthar), 2024 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2024 a ghairm de na hAchtanna Sláinte, 1947 go 2022 agus de *Chuid 2* (seachas *alt 5*) le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2024 a ghairm de na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2023 agus de *Chuid 3* (seachas *alt 10*) le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(4) Tiocfaidh *ailt 2* go *5* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Sláinte le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

(5) Tiocfaidh *ailt 8* agus *9* i ngníomh an 1 Aibreán 2025.

(6) Tiocfaidh *alt 10* i ngníomh an 1 Eanáir 2025.

CUID 2

Táirgí Meanapáis do Mhná Áirithe a Sholáthar

**Míniú (*Cuid 2*)**

**2.** Sa Chuid seo, ciallaíonn "Acht 1970" an tAcht Sláinte, 1970.

**Leasú ar alt 47A d'Acht 1970**

**3.** Leasaítear alt 47A d'Acht 1970 trí "62A, 67E nó 67F" a chur in ionad "62A nó 67E".

**Táirgí meanapáis do mhná áirithe**

**4.** Leasaítear Acht 1970 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 67E:

**"67F.** (1) Faoi réir fho-alt (3), agus ailt 20 agus 23 d'Acht 2013, déanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte táirgí meanapáis do mhná a chur ar fáil lena soláthar, gan mhuirear, ar mná iad—

(a) a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát, agus

(b) a ndearna duine díobh seo a leanas táirgí meanapáis a oideasú dóibh—

(i) lia-chleachtóir cláraithe, nó

(ii) altra cláraithe nó cnáimhseach chláraithe atá i dteideal, de bhun aon achtachán, na táirgí meanapáis arna soláthar amhlaidh a oideasú.

(2) Beidh bean dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i dteideal táirgí meanapáis a fháil ó sholáthraí cógaisíochta.

(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le mná ag a bhfuil lánchāilíocht agus a bhaineann leas as an tseirbhís faoi alt 59(1).

(4) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na nithe seo a leanas a fhorordú le rialachán—

(a) an fhoirm ina ndéanfaidh agus an modh ar a ndéanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte aisíocaíocht le soláthraí cógaisíochta a mbeidh táirgí meanapáis arna n-urghnamh aige de réir an ailt seo,

(b) an fhoirm ina ndéanfaidh agus an modh ar a ndéanfaidh soláthraí cógaisíochta éileamh ar aisíocaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as táirgí meanapáis a urghnamh de réir an ailt seo,

(c) cibé foirmeacha a bheidh ag teastáil chun críocha mhíreanna (a) agus (b), agus

(d) cibé nithe breise, teagmhasacha, iarmhartacha nó forlíontacha a mheasfaidh an tAire is gá nó is fóirsteanach chun éifeacht a thabhairt don alt seo.

(5) Déanfar gach rialachán arna dhéanamh faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

(6) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2011’ Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;

ciallaíonn ‘Acht 2013’ an tAcht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013;

tá le ‘achtachán’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) den Acht Léiriúcháin, 2005;

ciallaíonn ‘meanapás’, i ndáil le bean, na céimeanna éagsúla a bhaineann le meanapás agus folaíonn sé peirimeanapás, iarmheanapás, meanapás luath, meanapás anabaí agus meanapás arna spreagadh de bharr cúinsí liachta;

ciallaíonn ‘táirgí meanapáis’ drugaí, cógais agus fearais mháinliachta agus liachta, ar drugaí, cógais agus fearais teiripe athsholáthair hormón iad, a úsáidtear chun airíonna meanapáis a mhaolú agus atá, de thuras na huaire, ar an Liosta Aisíocaíochta;

ciallaíonn ‘soláthraí cógaisíochta’ gnó cógaisíochta miondíola (de réir bhrí alt 2(1) den Acht Cógaisíochta, 2007) a bhfuil socrú déanta aige, nó a bhfuil comhaontaithe aige socrú a dhéanamh, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun táirgí meanapáis a urghnamh ar mhná dá dtagraítear i bhfo-alt (1);

tá le ‘lia-chleachtóir cláraithe’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) d’Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;

tá le ‘cnáimhseach chláraithe’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) d’Acht 2011;

tá le ‘altra cláraithe’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) d’Acht 2011;

tá le ‘Liosta Aisíocaíochta’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) d’Acht 2013.”.

**Leasú ar an Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013**

**5.** Leasaítear an tAcht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013—

(a) in alt 20—

(i) i bhfo-alt (1), trí "faoi alt 59, 62A, 67E nó 67F" a chur in ionad "faoi alt 59, 62A nó 67E",

(ii) i bhfo-alt (2), trí "faoi alt 59, 62A, 67E nó 67F" a chur in ionad "faoi alt 59, 62A nó 67E", agus

(iii) i bhfo-alt (3), trí "faoi alt 59, 62A, 67E nó 67F" a chur in ionad "faoi alt 59, 62A nó 67E",

agus

(b) in alt 23, trí "de bhun alt 59, 62A, 67E nó 67F" a chur in ionad "de bhun alt 59, 62A nó 67E".

## CUID 3

### Leasú ar an Acht Árachais Sláinte, 1994 agus ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999

**Míniú (*Cuid 3*)**

**6.** Sa Chuid seo, ciallaíonn "Acht 1994" an tAcht Árachais Sláinte, 1994.

**Leasú ar alt 6A d'Acht 1994**

**7.** (1) Leasaítear alt 6A d'Acht 1994, i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "éileamh ardchostais":

> "ciallaíonn 'éileamh ardchostais' éileamh, nó níos mó ná aon éileamh amháin, a eascróidh in aon tréimhse 12 mhí arna forordú chun na críche sin agus a bhainfidh le duine árachaithe faoi chonradh árachais sláinte nó faoi chonarthaí árachais sláinte arna chur i gcrích nó arna gcur i gcrích ag an ngnóthas cláraithe céanna—
>
> (a) ar mó méid an éilimh sin nó na n-éileamh sin, nó ar mó méid carnach an éilimh sin nó na n-éileamh sin, de réir mar a bheidh, ná an tairseach éilimh ardchostais, agus
>
> (b) a bheidh íoctha ag an ngnóthas,
>
> seachas éileamh ar chostas drugaí nach drugaí arna gceadú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iad;",

agus

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

> "ciallaíonn 'drugaí arna gceadú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte'—
>
> (a) drugaí atá ar áireamh ar cheann amháin nó níos mó de na liostaí seo a leanas:

(i) an Liosta Aisíocaíochta arna bhunú agus arna fhoilsiú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi alt 17 den Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013;

(ii) an liosta arna chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin gclár ar a dtugtar de ghnáth an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse;

(iii) an liosta arna chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin gclár ar a dtugtar de ghnáth Clár Bainistithe Drugaí FSS maidir le Rochtain agus Comhtháthú (ar a dtugtaí Clár Bainistithe Drugaí na nOspidéal Géarthinnis roimhe seo);

(iv) an liosta arna chothabháil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin gclár ar a dtugtar de ghnáth Clár Bainistithe Leigheasra FSS,

(b) drugaí—

(i) ar táirgí gnáth-imdhíonghlóbailíne daonna iad dá sanntar an cód J06BA faoin gcóras aicmithe Ceimiceach Teiripeach Anatamaíoch a bhunaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, agus

(ii) ar deonaíodh údarú margaíochta dóibh (de réir bhrí Rialachán 3(1) de na Rialacháin um Tháirgí Íocshláinte (Monarú a Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 539 de 2007)) roimh thosach feidhme alt 17 den Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013,

nó

(c) drugaí a bheidh ceadaithe le haghaidh aisíocaíocht nó le haghaidh maoiniú tríd an gcóras sláinte poiblí ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag féachaint do na critéir atá leagtha amach i gCuid 3 de Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht Sláinte (Earraí Liachta a Phraghsáil agus a Sholáthar), 2013;”.

(2) Measfar gur tháinig na leasuithe a dhéantar le *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Aibreán 2022.

**Leasú ar alt 11C d’Acht 1994**

**8.** Leasaítear alt 11C d’Acht 1994, i bhfo-alt (1)(b), trí “1 Aibreán 2025” a chur in ionad “1 Aibreán 2024”.

**Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann le hAcht 1994**

**9.** Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann le hAcht 1994 tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad Thábla 2:

“Tábla 2

*Na Méideanna is Infheidhme an 1 Aibreán 2025 nó dá éis*

| **An Aicme Duine Árachaithe** | **Méid na préimhe a íocfar as an gCiste** |
|---|---|
| Fireannach atá 50 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 50 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 50 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 50 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 55 bliana d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 55 bliana d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 55 bliana d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 55 bliana d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 60 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 60 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 60 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | Nialas |
| Baineannach atá 60 bliain d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | Nialas |
| Fireannach atá 65 bliana d’aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d’aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €275 |

| | |
|---|---|
| Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €975 |
| Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €150 |
| Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €525 |
| Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €350 |
| Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,625 |
| Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €250 |
| Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €975 |
| Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €550 |
| Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,225 |
| Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €400 |
| Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,500 |
| Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €650 |
| Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,625 |
| Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €475 |
| Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,775 |

| | |
|---|---|
| Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €650 |
| Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €2,625 |
| Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é) | €475 |
| Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn ar an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é) | €1,775 |

".

**Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999**

**10.** Leasaítear alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ráta sonraithe":

"ciallaíonn 'ráta sonraithe'—

(a) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Eanáir 2025 nó dá éis agus an 31 Márta 2025 nó roimhe—

(i) €35 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €140 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €105 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €420 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

agus

(b) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Aibreán 2025 nó dá éis—

(i) €31 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €156 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €94 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €469 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach.".

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 341226